

BIM

# Pacáiste eolais d’iarrthóirí

Riarthóir TFC (Oifigeach Feidhmiúcháin)

An dáta deiridh a nglacfar le hIarratais:
6 Nollaig 2024



Is comhlacht leathstáit neamhthráchtála é BIM a bunaíodh go foirmiúil faoi reacht (An tAcht Iascaigh Mhara, 1952). Gníomhaireacht de chuid Stát na hÉireann é BIM atá freagrach as tionscal bia mara na hÉireann a fhorbairt. Is gníomhaireacht de chuid na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara agus de chuid líonra Ranna Rialtais eile, gníomhaireachtaí leathstáit, páirtithe náisiúnta agus idirnáisiúnta mara é BIM.

Tá ceithre aonad gnó san eagraíocht: Seirbhísí Teicniúla Bia Mara, Seirbhísí Corparáideacha, Seirbhísí Forbartha agus Nuálaíochta, Seirbhísí Eacnamaíocha agus Straitéiseacha, agus tacaíonn an Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin leo sin. Tá Ceannoifig Bhord Iascaigh Mhara i nDún Laoghaire, Co. Bhaile Átha Cliath. D'fhonn tacú leis an earnáil bia mara, tá cuid d'fhoireann BIM lonnaithe go straitéiseach sna pobail cois cósta a mbíonn siad ag freastal orthu, lena n-áirítear oifigí i nGaillimh agus sna Cealla Beaga. Ina theannta sin, tá dhá Choláiste Náisiúnta Oiliúna BIM lonnaithe sa Chaisleán Nua, Co. Dhún na nGall agus i mBaile Chaisleáin Bhéarra, Co. Chorcaí..

Tá sé d'aidhm ag straitéis BIM feabhas a chur ar iomaíochas earnáil bia mara na hÉireann trí dhíriú ar na príomhthosaíochtaí straitéiseacha seo a leanas:

- Ceannaireacht a stiúradh agus a chothú
- Torthaí a chur ar fáil le réitigh a bhfuil tionchar acu ar athrú a dhéanamh
- Infheistíocht a dhéanamh i bhfás fadtéarmach
- An comhshaol agus an earnáil a chosaint

## Ár Misean

Tacú le luach a mhéadú maidir le hearnáil inbhuanaithe bia mara na hÉireann, ar fud an tslabhra soláthair, ó ghabháil go dtí an tomhaltóir, agus sin a éascú.

## Ár bhFís

Rachaimid i gcomhpháirtíocht le hearnáil bia mara na hÉireann le rún agus le práinn chun na hathruithe atá de dhíth a aithint agus a chur chun cinn le go mbeidh an todhchaí inbhuanaithe.

## Ár Luachanna

Iontaobhas

Comhpháirtíocht

Obair Foirne

Cuimsiú

Ionracas



| Cuntas ar an Ról | |
|---|---|
| Teideal an phoist: | Riarthóir TFC (Oifigeach Feidhmiúcháin) |
| Conradh: | Lánaimseartha; Tréimhse Éiginnte |
| Áit: | Ceannoifig Bhord Iascaigh Mhara, Dún Laoghaire, Co. Bhaile Átha Cliath. |
| Struchtúr Tuairiscithe: | An tOifigeach TFC/an Ceann TFC |
| Grúpa Seirbhíse: | Seirbhísí Corparáide |
| Cur síos ar an nGrúpa Seirbhíse cuí: | Cuireann Seirbhísí Corparáide tacaíocht, pleanáil agus riarachán ar fáil a bhaineann le hAirgeadas, TFC, Acmhainní Daonna, Soláthar, Saoráidí, Seirbhísí Infheistíochta agus líonra Ice Plant laistigh de BIM. |

## Achoimre ar an Ról

Oibreoidh an Riarthóir TFC laistigh den Fhoireann TFC de chuid BIM sa rannán Seirbhísí Corparáideacha. Is é ról agus freagracht an iarrthóra rathúil tacaíocht riaracháin a thabhairt don Fhoireann TFC agus a chinntiú go meastar an tseirbhís a sholáthraíonn an Roinn TFC a bheith ar ardchaighdeán. Éilítear leis an ról freisin go gcuirtear na tionscadail/tascanna uile i gcrích de réir a spriocdhátaí agus go seachadtar iad de réir an chaighdeáin chirt agus de réir an ghráid chirt. Tuairiscíonn an ról don Riarthóir Tuairiscíonn an ról don Oifigeach TFC.



## Cúlra leis an Riachtanas:

Is é BIM an ghníomhaireacht Stáit Éireannach atá freagrach as tionscal bia mara na hÉireann a fhorbairt.  Tacaíonn sé le tionscal bia mara na hÉireann agus le pobail ina chinntiú go n-úsáidtear acmhainní uisceacha agus muirí ar bhealach inbhuanaithe.

Imríonn an Rannóg TFC ról tábhachtach in BIM trí sheirbhísí TFC agus sainchomhairleoireacht a sholáthar d'eagraíocht BIM. Tá an rannóg comhdhéanta d'fhoireann dhinimiciúil ildisciplíneach TFC a thacaíonn le feidhmiú fónta na gcóras reatha, a chinntíonn sármhaitheas i slándáil agus rialachas TFC agus a dhéanann córais nua a fhorbairt agus a chur chun feidhme trí réitigh nuálacha chun go mbainfear amach a sprioc straitéiseach maidir le seirbhís TFC a sholáthar atá ar aon chéim leis na seirbhísí is fearr i Seirbhís Phoiblí na hÉireann agus chun go gcuirfear ar chumas BIM a sprioc straitéiseach a bhaint amach maidir leis an tseirbhís is fearr is féidir a sholáthar do Thionscal Bia Mara na hÉireann.

## Freagrachtaí

### Bainistíocht Soláthair agus Soláthraithe TFC:

- Freagrach as soláthar TFC ó Leibhéal 1 go Leibhéal 3 a chur i gcrích go cruinn agus go tráthúil. A chinntiú go gcloíonn an soláthar ar fad le treoirlínte agus beartais BIM agus earnála poiblí.
- A chinntiú go gcoinnítear stoic chuí sócmhainní TFC, á chinntiú go bhfaightear stoc athsholáthair trí sholáthar go tráthúil i gcás gur gá agus go bhfuil ag baill foirne BIM na sócmhainní TF a theastaíonn le haghaidh obair san oifig agus ón mbaile.
- Tacú leis an Oifigeach TFC maidir le ceadúnais Bogearraí Fiontraíochta agus athnuachaintí cothabhála bogearraí a bhainistiú.
- A chinntiú go gcoinnítear bunachar sonraí de na conarthaí tríú páirtí TF de chuid BIM agus go bhfuil sé iomlán, lena n-áirítear athbhreithnithe feidhmíochta a uainiú, cruinnithe a eagrú de réir mar is gá, agus miontuairiscí cruinnithe a thaifeadadh agus a stóráil ar líne.
- Faireachán a dhéanamh ar iarrataí ar shaoire/ar neamhláithreacht ó chonraitheoirí, agus deimhniú á fháil ó na bainisteoirí cuí, agus tacú leis an Oifigeach TFC maidir le clúdach a eagrú, agus tuairisciú a dhéanamh.
- Tacú le socruithe taistil do chonraitheoirí tríú páirtí chuig láithreáin BIM de réir mar is gá.
- Eochairtháscairí agus méadrachtaí feidhmíochta conarthaí tríú páirtí TF a rianú agus tuairisc a thabhairt orthu don lucht bainistíochta.

### Rialachas, Slándáil agus Oiliúint:

- A chinntiú go bhfuil an aip sócmhainní TFC ina taifead iomlán cruinn ar shócmhainní crua-earraí BIM.
- Comhláine chomhlíonadh na riachtanas sínithe beartas agus nósanna imeachta ó bhaill foirne agus conraitheoirí BIM a chinntiú.
- Tacú le próisis iniúchóireachta TF measúnú a dhéanamh ar a éifeachtaí atá rialuithe agus próisis TF, lena n-áirítear:



- Cabhrú le hábhair a ullmhú agus a bhailiú le haghaidh iniúchtaí inmheánacha agus seachtracha
- Comhláine an rianaithe agus an tuairiscithe ar shaincheisteanna sainaitheanta a bhaineann le hiniúchóireacht TFC, le bréagionsaithe seachtracha agus inmheánacha tástála agus le leochaileacht a réiteach a chinntiú.
- Cabhrú leis an Oifigeach TFC tuairiscí ráithiúla ar chomhlíonadh TF a chomhlánú.

- Tacú leis an Oifigeach TFC comhláine na tástála athshlánaithe ó thubaiste a chinntiú chun críocha iniúchóireachta.
- Faireachán a dhéanamh ar chomhláine na hoiliúna cibearshlándála, mar aon le comhláine thráthúil ag na baill foirne agus na conraitheoirí uile a fhíorú agus le gníomhaíocht leantach a dhéanamh de bhun riachtanais bhreise oiliúna a eascraíonn as cleachtaí ionsamhlaithe fioscaireachta.
- Gníomhú mar cheann cosanta sonraí TF, lena n-áirítear caidreamh a dhéanamh le grúpa oibre BIM um chinn cosanta sonraí, agus dul i gceannas ar ghníomhaíochtaí gaolmhara a chur i gcrích.
- Tacú leis an Oifigeach TFC maidir le hoiliúint a fhorbairt agus a sholáthar do bhaill foirne TF agus BIM sna dea-chleachtais um rialachas TF agus sna beartais ina leith.
- I gcomhar leis an Oifigeach TFC, an suíomh foghlama TF SharePoint de chuid BIM a chothabháil, á chinntiú go mbíonn oiliúint féinseirbhíse ar fáil do na baill foirne TF de chuid BIM sna huirlisí agus bogearraí TF reatha de chuid BIM.
- Teagmháil leantach a dhéanamh le hAonaid Ghnó chun athbhreithnithe tráthúla comhlánaithe ar bhainistíocht ceadanna SharePoint a chinntiú.

## Bainistíocht Seirbhíse:

- Obair i ndlúthchomhar le baill foirne den fhoireann soláthair seirbhísí bainistithe TF, agus timpeallacht chomhoibríoch oibre á cothú chun oibriú fónta na gcóras TFC de chuid BIM a chinntiú.
- Cur chun cinn a dhéanamh ar anailís struchtúrtha agus ar chur chuige cruthaitheach i leith fadhbréitigh.
- Cultúr cuntasachta agus trédhearcachta a chinntiú in oibríochtaí TF.

## Bainistíocht Tionscadal:

- Tacaíocht anailísí gnó a thabhairt le haghaidh tionscadail shainaitheanta TFC, lena n-áirítear riachtanais a eascraíonn as geallsealbhóirí, forbairt a dhéanamh ar phlean tionscadail de chuid na hoifige bainistíochta tionscadail, doiciméadacht eile amhail mapaí sreafa próisis, measúnachtaí tionchair ar phríobháideacht sonraí, agus tuairiscí scaoilte táirgí píolótacha agus córas.

## Dualgais Eile:

- Tabhairt faoi aon dualgais eile atá faoi raon feidhme agus grádú an phoist a bhféadfadh an tOifigeach TFC, an Ceann TF nó an Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha iad a iarraidh freisin.
- Aon dualgais ghaolmhara eile a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil go réasúnach agus a d'fhéadfaí a shannadh ó am go chéile a dhéanamh.



## Taithí agus Cáilíochtaí Riachtanacha

- Cáilíocht tríú leibhéal i ndisciplín TF nó Gnó.
- Taithí dhá bhliain ar a laghad ar obair i bhfeidhm riaracháin, agus in TF más féidir.
- Ardlitearthacht ar ríomhairí, lena n-áirítear eolas agus taithí ar úsáid a bhaint as feidhmchláir amhail MS Word agus Excel, MS Teams agus SharePoint.
- Taithí intaispeánta ar sholáthar a bhainistiú trí chéimeanna an timthrialla soláthair, san earnáil phoiblí (más féidir), agus comhlíonadh prótacal agus caighdeán earnála poiblí nó prótacal agus caighdeán coibhéiseach á chinntiú.
- Sárscileanna cumarsáide i scríbhinn agus ó bhéal.
- Sárscileanna pleanála agus eagrúcháin, agus cumas chun obair de réir spriocdhátaí dochta agus chun roinnt tascanna a chur in ord tosaíochta agus a bhainistiú go héifeachtach.

## Taithí agus Cáilíochtaí Inmhianaithe

- Eolas agus taithí ar sholáthar san earnáil phoiblí.
- Taithí ar obair riaracháin a dhéanamh i bhFoireann TFC.



| Tréithe pearsanta  atá de dhíth don phost: |
|---|
| • Dinimiciúil agus iontaofa.<br>• Cumas chun obair go neamhspleách agus chun páirt éifeachtach a ghlacadh i bhfoireann, agus tionscnaíocht agus cruthaitheacht á dtaispeáint.<br>• Inniúlacht i gcruinneas, mionchruinneas agus tiomantas do thorthaí ardchaighdeáin a bhaint amach.<br>• Treallús, tionscnaíocht agus solúbthacht.<br>• Sárscileanna idirphearsanta agus cumarsáide, agus an cumas chun obair go cáiréiseach le linn saincheisteanna a réiteach le geallsealbhóirí inmheánacha.<br>• Dea-bhreithiúnas agus dea-scileanna cinnteoireachta, anailíse agus réitigh fadhbanna. |

| Teagmhálaithe: | |
|---|---|
| Laistigh de BIM | Baill foirne uile BIM, an tOifigeach TFC, an Bainisteoir, an Fhoireann Seirbhísí Bainistithe, agus an rannán Seirbhísí Corparáideacha. |
| Lasmuigh de BIM | An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, soláthraithe, comhpháirtithe tionscadail, an tÚdarás um Chosaint Iascaigh Mhara, an earnáil gabhála |
| Oiliúint | Déanfar riachtanais oiliúna a shainaithint tríd an gCóras Bainistithe Feidhmiúcháin atá againn. |



## Téarmaí agus Sochair

### Tuarastal

Beidh luach saothair de réir Scála Tuarastail ceadaithe na Roinne Airgeadais don Earnáil Phoiblí, le réimse tuarastail €36,544 - €59,422 (amhail an 1 Deireadh Fómhair 2024) sa bhliain dáilte go comhréireach i ndáil leis an am a oibreofar. Ag an gcéad phointe iontrála ar an scála a cheapfar an t-iarratasóir a n-éireoidh leis mura bhfuil an t-iarratasóir fostaithe laistigh de na Seirbhísí Poiblí faoi láthair.

Déanfar ball den Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair díot mura bhfuil tú i do bhall de scéim pinsin earnála poiblí i láthair na huaire (nó mura raibh tú i do bhall de scéim pinsin earnála poiblí le sé mhí anuas). Tá Scéim Tuarastail agus Pinsin faoi réir ag gnásanna faofa earnála poiblí agus glacann cuntas ar sheirbhís le déanaí san earnáil phoiblí ag teacht le himlitreacha agus rialacha ábhartha.

### Saoire Bhliantúil

Is é 23 lá oibre in aghaidh na bliana pro-rata chun an t-am a oibríodh a léiriú an teidlíocht saoire bliantúla atá ag gabháil leis an ról seo. Níl Laethanta Saoire Poiblí san áireamh i dteidlíochtaí saoire bliantúla. Ní mór gach lá saoire a bheith ceadaithe roimh ré ag do bhainisteoir nó ag a n-ionadaí údaraithe i gcomhréir le polasaithe saoire BIM.

### Clár Cúnaimh d'Fhostaithe (EAP)

Cuireann BIM seirbhís EAP atá 100% faoi rún agus neamhspleách ar fáil trí Spectrum a chuireann comhairle ghairmiúil agus neamhchlaonta, eolas agus comhairleoireacht ar fáil ar réimse saincheisteanna lena n-áirítear ceisteanna dlí, airgeadais agus sláinte. Tá an tseirbhís sin saor in aisce d'fhostaithe agus tá sí ar fáil freisin do gharghaolta leat.

### Seirbhís Sláinte Ceirde

Oibríonn BIM le soláthraí seirbhíse Sláinte Ceirde neamhspleách a chuireann tacaíocht agus comhairle ar fáil d'fhostaithe a bhfuil tinneas orthu nó riocht sláinte ag dul dóibh atá ag cur isteach ar a gcumas obair a dhéanamh.

### Aonad Fístaispeána

Is féidir le fostaithe suas go €117 a fháil ar ais ar thástáil súl.

### Taisteal agus Cothú

Íoctar costais taistil agus chothaithe le fostaithe a bhfuil orthu taisteal i gcomhréir le rátaí ceadaithe.

### Scéim Coigilteora Cánach

Is féidir le fostaithe a thaistealaíonn chuig an obair ar an gcóras iompair phoiblí leas a bhaint as Ticéad Coigilteora Cánach bliantúil chun méid suntasach airgid a shábháil ar chostais taistil.

### An Scéim um Rothaíocht chun na hOibre

Is féidir le fostaithe a thagann chuig an obair ar rothar nó a bhíonn ar rothar le linn cuid den turas leas a bhaint as an Scéim um Rothaíocht chun na hOibre.



## An Bealach le hiarratas a dhéanamh:

Ba chóir C.V. iomlán chomh maith le litir iarratais agus a Foirm Iarratais Folúntais BIM chomhlánaithe ina ndéantar cur síos ar thaithí agus scileanna a bhaineann leis an bpost, a sheoladh ar ríomhphost chuig

jobs@bim.ie

An dáta deiridh a nglacfar le hIarratais

**6 Nollaig 2024**

Tabhair ar aird go bhféadfadh níos mó ná céim agallaimh amháin a bheith i gceist leis an bpróiseas earcaíochta don ról seo agus go bhféadfadh BIM iarraidh ar na hiarratasóirí a roghnaítear cur i láthair gearr a dhéanamh ar ábhar a bheidh roghnaithe roimh ré ag céim an agallaimh dheiridh. Tabhair ar aird nach nglacfar le hiarratais a bheidh déanach.

Grád Oifigeach Feidhmiúcháin agus tá Bord Iascaigh Mhara ag teacht le Samhail Inniúlachta na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí Inniúlachtaí PAS

## Úsáid Sonraí

Ní bhainfear úsáid as na sonraí pearsanta ná an fhaisnéis go léir a chuirtear ar aghaidh leis an iarratas seo ach chun críche an fheachtais sin agus don fheachtas sin amháin, agus déanfar na sonraí agus an fhaisnéis a scriosadh ansin i gcomhréir le Polasaí an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí agus an sceideal coinneála sonraí atá againn.

Caithfear le gach faisnéis go huile agus go hiomlán faoi rún agus ní bheidh rochtain ar an bhfaisnéis sin ach ag na daoine sin a bhfuil baint dhíreach acu leis an bhfeachtas.

Ba cheart aon cheist maidir leis an ról seo a sheoladh ar ríomhphost chuig jobs@bim.ie

*Is fostóir comhdheiseanna é BIM, agus táimid tiomanta do chinntiú go bhfuil rochtain iomlán agus chothrom ag gach iarrthóir earcaíochta, mar is féidir a sholáthar le réasún. Má theastaíonn aon tacaíocht nó cóiríocht uait mar chuid den phróiseas earcaíochta, déan teagmháil linn go díreach ag HRinbox@bim.ie.*